

Ag dréim le hAontas an Chomhionannais a bheith i réim

An Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025

Márta 2020
#UnionOfEquality



“Croíphrionsabal de chuid an Aontais Eorpaigh is ea an comhionannas inscne, ach is rud é nár fíoraíodh fós. I gcúrsaí gnó agus polaitíochta agus sa tsochaí ina hiomláine, ní éireoidh linn barr ár gcumais a bhaint amach ach amháin má bhainimid an leas is fearr is féidir as ár gcuid buanna agus as ár n-éagsúlacht. Níl sé maith go leor nach mbainfí leas ach as leath an daonra, as leath na smaointe nó as leath an fhuinnimh.”

An tUachtarán Ursula von der Leyen

Is éard atá i gceist le hAontas an Chomhionannais a bheith i réim, go mbeidh comhionannas iomlán ann idir fir agus mná, buachaillí agus cailíní, gona n-éagsúlachtaí. Is comhghnóthas é seo idir na páirtithe leasmhara ar fad. Leis an **Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025**, leagtar amach fís, cuspóirí agus bearta beartais chun dul chun cinn nithiúil a dhéanamh i réimse an chomhionannais inscne san Eoraip agus chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach.

AGUS AN COMHIONANNAS INSCNE I RÉIM SAN EORAIP ...

...beidh SAOIRSE againn gabháil ár mbealach féin sa saol.

Seo mar atá faoi láthair:



33% de na mná san Aontas Eorpach, bhain **foréigean fíisceach nó gnéasach** dóibh



22% de na mná san Aontas Eorpach, d'imir **páirtí a bhí i ndlúthchaidreamh** leo **foréigean** orthu



55% de na mná san Aontas Eorpach, rinneadh ciapadh gnéasach orthu agus tá seans níos mó ann gur ar mhná seachas ar fhir a **dhéanfaí an ciapadh gnéasach ar líne**

Tabharfar aghaidh air sin le bearta nithiúla, mar a leanas:


- mná agus cailíní a shaoradh **ó fhoréigean agus ó chiapadh** inscnebhunaithe
 - a chinntiú go nglacfaidh an tAontas in aontachas Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac nó, mura nglacfaidh, go ndéanfaidh an tAontas bearta dlíthiúla ionadúla chun cuspóirí an Choinbhinsiúin a bhaint amach
 - soiléiriú a dhéanamh ar an ról atá ag na hardáin ar líne maidir le haghaidh a thabhairt ar ábhar mídhleathach
- agus ar ábhar a bhfuil dochar ann, agus ar an gcaoi sin an t-idirlíon a dhéanamh sábháilte dá gcuid úsáideoirí
- ár bhfeasacht a ardú agus sonraí uile-Aontais a bhailiú maidir le cé chomh forleathan agus atá an foréigean agus an ciapadh inscnebhunaithe
- agus dúshlán na **steiréitíopaí inscne sa tsochaí** a thabhairt
 - feachtas ardú feasachta uile-Aontais a sheoladh, ina ndírítear ar an óige

...tá deiseanna comhionanna againn chun bheith **FAOI BHLÁTH** sa tsochaí agus sa gheilleagar.

Seo mar atá faoi láthair:



San Aontas Eorpach, íoctar, ar an meán, **16%** níos lú in aghaidh na huaire le mná ná a íoctar le fir



San Aontas, níl fostaíocht ach ag **67%** de na mná, ach tá fostaíocht ag **78%** de na fir



Ar an meán, tá pinsin na mban **30.1%** níos ísle ná pinsin na bhfear.



Is iad na mná a dhéanann **75%** den obair chúraim neamhíoctha agus obair tí

Tabharfar aghaidh air sin le bearta nithiúla, mar a leanas:

- deimhin a dhéanamh de go mbeidh **pá comhionann** á fháil ag mná agus ag fir as an obair chéanna agus as obair ar comhionann a luach
 - bearta ceangailteacha a leagan ar clár maidir le trédhearcacht pá faoi dheireadh 2020
- deimhin a dhéanamh de go mbeidh an toradh ceart ar rialacha an Aontais Eorpaigh maidir le **cothromaíocht oibre-saoil** do na mná agus do na fir
 - deimhin a dhéanamh de go ndéanfaidh na Ballstáit na rialacha a thrasú agus a chur chun feidhme
 - a chur in iúl d'fhir agus do mhná gur féidir leo leas a bhaint as saoire teaghlaigh agus socrúithe solúbtha oibre ar an mbonn céanna
- **rochtain ar sheirbhísí cúraim leanaí agus seirbhísí cúraim eile** a fheabhsú, seirbhísí ardchaighdeán a mbeidh sé d'acmhainn ag daoine íoc astu
 - infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí cúraim agus Ráthaíocht i dtaobh Leanaí a ghlacadh



...is féidir linn **A BHEITH INÁR gCEANNAIRÍ** agus páirt chomhionann a ghlacadh sa gheilleagar agus sa tsochaí.

Seo mar atá faoi láthair:



Níl ach **7.5%** de chathaoirligh boird agus **7.7%** de phríomhoifigigh feidhmiúcháin **ar mná iad**



Níl ach **22%** de ríomhchláraitheoirí i réimse na hintleachta saorga **ar mná iad**



Mná is ea **39%** d'Fheisirí Pharlaimint na hEorpa

Tabharfar aghaidh air sin le bearta nithiúla, mar a leanas:

- an cothrom a fheabhsú idir mná agus fir sna hionaid ina ndéanann an duine cinntí móra, in ionaid ar nós **boird comhlachtaí** agus **sa pholaitíocht**
 - spriocanna uile-Aontais a thabhairt isteach maidir leis an gcothromaíocht inscne ar bhoird chorparáideacha
 - spreagadh a thabhairt do na mná a vótaí a chaitheamh sna toghcháin do Pharlaimint na hEorpa 2024 agus iad a spreagadh le bheith ina n-iarthóirí iontu
- an rannpháirtíocht chothrom a chur chun cinn idir na mná agus na fir i ngach earnáil oibre chun go mbeadh **éagsúlacht níos mó ann sa láthair oibre**
 - an tArdán AE do Chairteacha um an Éagsúlacht a chur chun cinn i ngach earnáil
 - aghaidh a thabhairt, sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach nuashonraithe, ar an mbearna inscne sa réimse digiteach

TÁ I GCEIST FREISIN LEIS AN STRAITÉIS MAIDIR LE COMHIONANNAS INSCNE...

...an príomhshruthú inscne = an dearcadh ó thaobh na hinscne de a chur san áireamh i ngach réimse beartais, ar gach leibhéal agus ag gach pointe de dhéanamh beartais. **Mar shampla:**

- Na riachtanais, na dúshláin agus na deiseanna sonracha a bhaineann le hearnálacha éagsúla, le hearnáil an iompair, earnáil an fhuinnimh agus na talmhaíochta, cuir i gcás, tabharfar aghaidh orthu sin sna bearta de chuid an Choimisiúin a bhaineann leis an bpríomhshruthú inscne.
- Cuirfidh an Coimisiún gné na hinscne san áireamh sna tionscnaimh mhóra atá aige – sna tionscnaimh, mar shampla, lena ndírítear ar dhúshláin Eorpacha ar nós an athraithe aeráide agus an digitithe.

...an trasnachas = ní hionann gach bean agus, dá réir sin, d'fhéadfadh sé go gcasfaí in aghaidh idirdhealú iad i leith roinnt tréithe éagsúla pearsanta. I gcás imirceach mná faoi mhíchumas, mar shampla, d'fhéadfadh sé go gcasfaí í in aghaidh idirdhealú ar thrí cinn d'fhorais.

- An trasnachas idir forais na hinscne agus forais idirdhealaithe eile, tabharfar aghaidh air le beartais éagsúla de chuid an Aontais.

...agus beidh maoiniú ar leith ann do thodhchaí ina mbeidh an comhionannas inscne i réim

- Sa chéad bhuiséad AE eile (2021-2027), tabharfar tacaíocht agus maoiniú do thionscadail a bhaineann leis an gcomhionannas inscne trí roinnt cláir AE: orthu sin beidh deontais thiomnaithe faoin gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, agus bainfear leas freisin as cistí móra an Aontais Eorpaigh, na cistí struchtúracha, sóisialta agus comhtháthaithe.

